iTá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú agus na Mí (BOOLM) (Aonad Rialaithe Sonraí) tiomanta do chosaint agus meas a thabhairt ar do phríobháideachas. Sa Pholasaí um Fhianáin seo mínítear conas a úsáideann BOOLM aon eolas a chuirfeá ar fáil dúinn agus an suíomh gréasáin seo in úsáid agat agus conas dhéanann BOOLM an t-eolas sin a chosaint. Agus an suíomh gréasáin seo in úsáid agat, léiríonn tú go nglacann tú leis na téarmaí úsáide seo agus go n-aontaíonn tú cloí leo. Tá an Polasaí um Fhianáin seo cruthaithe ag BOOLM le húsáid ar an suíomh gréasáin seo de chuid na Scoile/an Ionaid/an Choláiste. Molann BOOLM duit an t-eolas atá curtha ar fáil a léamh ina iomláine.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil sé i gceist gur treoir ghinearálta amháin atá i gceist leis an eolas atá curtha ar fáil sa Pholasaí um Fhianáin seo agus nach mionanailís dhlíthiúil atá i gceist.

Cad is Fianáin ann?

Is comhaid téacs bheaga iad fianáin a chuirtear ar do ríomhaire nó ar do ghléas móibíleach nuair a bhíonn tú ag brabhsáil ar shuíomhanna gréasáin. B'fhéidir go n-úsáidfear fianáin ar an suíomh gréasáin seo de chuid an BOOLM chun críocha úsáideacha mar atá leagtha amach thíos:

D'fhéadfadh fianáin cuidiú linn sna nithe seo a leanas:

- Go mbeadh an suíomh gréasáin seo de chuid an BOOLM ag obair mar a mbeifeá ag súil leis;
- Cuimhneamh ar do shocruithe le linn agus idir cuairteanna;
- Feabhas a chur ar luas/slándáil an tsuímh;
- Ligean duit leathanaigh a chomhroinnt le líonraí sóisialta e.g. Facebook; Linked in
- Feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an suíomh gréasáin seo de chuid an BOOLM duit.

Ní bhainfidh BOOLM úsáid as fianáin leis na nithe seo a dhéanamh:

- Aon eolas inaitheanta go pearsanta a bhailiú (gan chead soiléir a fháil uait);
- Aon eolas íogair a bhailiú (gan chead soiléir a fháil uait);
- Sonraí a chur ar aghaidh chuig líonraí fógraíochta;
- Sonraí inaitheanta go pearsanta a chur ar aghaidh chuig tríú páirtithe.

Cead a thabhairt do BOOLM úsáid a bhaint as Fianáin

Má dhéantar na socruithe ar na bogearraí a úsáideann tú chun breathnú ar an suíomh gréasáin seo (do bhrabhsálaí) a athrú chun glacadh le fianáin, breathnóidh BOOLM air seo, agus ar an úsáid leanúnach a bhaineann tú as an suíomh gréasáin seo, go bhfuil cead á thabhairt agat le húsáid a bhaint as fianáin. Dá mba mhian leat fianáin a bhaint den suíomh gréasáin seo nó gan úsáid a bhaint astu, is féidir leat foghlaim conas é seo a dhéanamh sa chuid thíos 'Fianáin a Mhúchadh', ach má dhéanann tú é seo is é is dóichí nach n-oibreoidh ár suíomh gréasáin mar a mbeifeá ag súil leis.

Feidhmeanna Tríú Páirtí:

D'fhéadfadh feidhmiúlacht atá curtha ar fáil ó thríú páirtithe a bheith san áireamh sa suíomh gréasáin seo, ar nós an chuid is mó de shuíomhanna gréasáin. Sampla coitianta is ea físeán YouTube leabaithe. D'fhéadfadh suíomhanna gréasáin BOOLM úsáid a bhaint as na tríú páirtithe seo a leanas a úsáideann fianáin:

- YouTube – Polasaí Príobháideachais a thugann cumhacht do na físeáin ar ár suíomh
- Google – Polasaí Príobháideachais

Má dhéantar na fianáin seo a dhíchumasú is é is dóichí go laghdófar an fheidhmiúlacht atá curtha ar fáil ag na tríú páirtithe seo.

Fianáin Suíomhanna Gréasáin Sóisialta:

Sa chás gur mhaith leat a rá "Is maith liom" nó "Comhroinn" ábhar trí láithreacha meán sóisialta cosúil le Facebook agus Twitter, d'fhéadfadh cnaipí comhroinnte a bheith ar fáil ar an suíomh gréasáin seo.

Tá Fianáin na Meán Sóisialta socraithe ag:
- Facebook
- Twitter
- Google+
- AddThis – a chuireann cnaipí comhroinnte éagsúla ar fáil dúinn i bpacáiste néata amháin

Beidh impleachtaí príobháideachais éagsúla i gceist leis na líonraí sóisialta difriúla agus beidh siad ag brath ar na socruithe príobháideachais a roghnaigh tú ar na líonraí seo.

Fianáin Staitisticí Cuairteoirí Anaithinide:

Baineann suíomhanna gréasáin BOOLM úsáid as fianáin chun staitisticí cuairteoirí a chur le chéile ar nós –

- Cé mhéad duine a thug cuairt ar an suíomh gréasáin,
- cén cineál teicneolaíochta atá in úsáid acu (e.g. Mac nó Windows a chuidíonn linn a fháil amach nuair nach bhfuil ár suíomh ag obair mar chóir dó a bheith do theicneolaíochtaí ar leith),
- cé chomh fada agus a chaitheann siad ar an suíomh, cén leathanach a mbíonn siad ag féachaint air etc. Cuidíonn sé seo leis an BOOLM feabhas leanúnach a chur ar na seirbhísí atá ar a shuíomhanna gréasáin.

Insíonn an anailísíocht dúinn freisin ar bhonn **anaithnid**, cé mhéad duine a shroich an suíomh seo (e.g. ó inneall cuardaigh) agus más rud é go raibh tú anseo cheana. Tabhair faoi deara le do thoil: Úsáideann BOOLM Google Analytics.

Fianáin á Múchadh:

De ghnáth is féidir leat úsáid na bhfianán na mhúchadh ach socruithe do bhrabhsálaí a athrú chun bac a chur air ó bheith ag glacadh le fianáin (Foghlaim conas anseo). Má dhéantar é sin áfach, is é is dóichí go gcuirfear srian ar fheidhmiúlacht an tsuímh ghréasáin seo agus ar chuid mhór de shuíomhanna gréasáin an domhain, ós rud é go bhfuil fianáin mar chuid chaighdeánach den chuid is mó de shuíomhanna gréasáin chomhaimseartha.

Má bhíonn ábhair imní ort maidir le "earra spiaireachta" mar a thugtar air, seachas na fianáin a mhúchadh i do bhrabhsálaí b'fhéidir go bhfaighidh tú amach go mbaineann bogearra frithspiaireachta an cuspóir

céanna amach. Leis an mbogearra seo déanfar fianáin a cheaptar a bheith ionrach a scriosadh go huathoibríoch.

Foghlaim tuilleadh faoi fianáin á mbainistiú le bogearra frithspiaireachta.